CINNEADH (AE, Euratom) 2020/233ÓN GCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2020

lena gceaptar, arna mholadh ag Poblacht na Fraince, comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don mholadh ó Rialtas na Fraince,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meán Fómhair 2015 agus 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinntí (AE, Euratom) 2015/1600 ([1]) agus (AE, Euratom) 2015/1790 ([2]) lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2015 go dtí an 20 Meán Fómhair 2020.

(2) Tá suíochán comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa folamh tar éis deireadh a theacht le téarma oifige Christophe HILLAIRET,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Maximin CHARPENTIER, *Membre du bureau de l'Assemblée permanente des chambres d'agriculture*, ina chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2020.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/1600 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2015 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2015 go dtí an 20 Meán Fómhair 2020 (IO L 248, 24.9.2015, lch. 53).

([2]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/1790 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2015 go dtí an 20 Meán Fómhair 2020 (IO L 260, 7.10.2015, lch. 23).